Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Scéim Teanga 2016-2019

Faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

CLÁR NA nÁBHAR

1. Réamhrá agus Cúlra

1.1 Ullmhú agus cur chuige maidir le forbairt an dara Scéim
1.2 Cuspóirí an dara Scéim
1.3 Athbhreithniú ar oibriú na chéad Scéime
1.4 Dáta tosaithe an dara Scéim

2. Forléargas ar an mBanc

2.1 Cad a dhéanaimid
2.2 Ár bpáirtithe leasmhara

3. Achoimre ar sheirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair agus feabhsuithe atá beartaithe don tréimhse 2016-2018

3.1 An dara Scéim
3.2 Seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar don phobal
3.3 Seirbhísí nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge

4. Earcaíocht agus Oiliúint sa Ghaeilge

5. Seirbhísí sa Ghaeltacht

6. Faireachán agus Athbhreithniú ar an dara Scéim

7. An dara Scéim a phoibliú

Caibidil 1

Réamhrá agus Cúlra

1.1 Ullmhú agus cur chuige maidir le forbairt an dara Scéim

D'ullmhaigh Banc Ceannais na hÉireann ('an Banc') an Scéim seo faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ('an tAcht'). Foráiltear san Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina sonrófar na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

mar aon leis na bearta a bheidh le glacadh chun a chinntiú go soláthrófar, trí mheán na Gaeilge, seirbhís ar bith nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge cheana féin, laistigh d'fhráma ama comhaontaithe.

Dréachtaíodh an dréacht Scéim i gcomhréir leis na Treoirlínte arna n-ullmhú faoi Alt 12 den Acht.

Oifigeach Gaeilge

Tugadh freagracht as ullmhú na Scéime do Rannán na hArdrúnaíochta (GSD), a chuireann seirbhísí ar fáil do gach rannán san eagraíocht. Laistigh de GSD, bhí oifigeach Gaeilge freagrach as dréachtú na Scéime agus as faireachán a dhéanamh ar an leibhéal éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge ar bhonn leanúnach agus as comhlíonadh na gceanglas faoin gcéad Scéim de chuid na heagraíochta.

Ionadaithe sna Rannáin

Aon rannán a bhfuil gealltanas acu faoin Scéim, beidh ionadaí acu a dhéanfaidh faireachán ar iarratais ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus ar an dul chun cinn maidir le gach gealltanas faoin Scéim. Tá gach ionadaí freagrach as an bhfaisnéis sin a thuairisciú do GSD. Ina theannta sin, déanann GSD faireachán ar aon iarratas ar sheirbhísí trí Ghaeilge a fhaigheann na rannáin sin nach bhfuil aon ghealltanais acu faoin Scéim sa chaoi gur féidir éileamh ar sheirbhís trí Ghaeilge a rianú.

Comhairliúchán Poiblí

Tá ábhar na Scéime seo bunaithe ar na haighneachtaí a fuarthas mar chuid den chomhairliúchán poiblí arna dhéanamh mar ullmhúchán do dhréachtú na Scéime.

1.2 Cuspóirí an dara Scéim

Tá sé mar aidhm ag an mBanc feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge san eagraíocht thar shaolré an dara Scéim. Cuireann an Scéim le líon na seirbhísí atá ar fáil

cheana féin trí Ghaeilge de thoradh na chéad Scéime. Sa Scéim, sainaithnítear réimsí eile ina bhféadfar feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge agus áirítear inti tionscnaimh chun seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair a dhéanamh níos feiceálaí don phobal. Glacfaidh an Banc air féin faireachán a dhéanamh ar an éileamh ón bpobal ar sheirbhísí trí Ghaeilge fad a bheidh an Scéim i bhfeidhm.

1.3 Athbhreithniú ar oibriú na chéad Scéime

Rinne an Banc athbhreithniú ar an gcéad Scéim de chuid na heagraíochta. Bhain príomhghealltanais na Scéime sin le cumarsáid an Bhainc leis an bpobal. Comhlíonadh na gealltanais go léir cé is moite de thionscadail áirithe a bhain le ról an Bhainc maidir le faisnéis agus oideachas do thomhaltóirí ó tharla go ndearnadh na feidhmeanna sin a aistriú faoin reachtaíocht chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA)[1] in 2010.

Tá an dara Scéim Teanga seo bunaithe ar an tuiscint gur cuireadh gealltanais uile na chéad Scéime i bhfeidhm ina n-iomláine. I gcás nár cuireadh gealltanais áirithe sa Scéim sin i bhfeidhm ina n-iomláine, rinneadh é sin a phlé le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Is é cuspóir an dara Scéim leanúint de na gealltanais sin a chur i bhfeidhm agus cur leis an dul chun cinn a rinneadh ar fud an Bhainc thar thréimhse na Scéime deireanaí. Sa Scéim Teanga seo, leagtar síos gealltanas, thar ceann na heagraíochta agus na foirne, chun forbairt a dhéanamh ar an oiread seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge faoi láthair agus sainaithnítear réimsí a fheabhsófar amach anseo.

1.4 Dáta tosaithe an dara Scéim

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tosóidh an Scéim amhail ón 18 Eanáir 2016 agus fanfaidh sí i bhfeidhm go ceann tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go ndaingneoidh an tAire scéim nua de réir Alt 15 den Acht, cibé acu is moille.

[1] Rinneadh an NCA a chumasc leis an Údarás Iomaíochta i Meán Fómhair 2014 chun An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí a fhoirmiú.

Caibidil 2
Forléargas ar an mBanc

2.1 Cad a dhéanaimid

I mí Dheireadh Fómhair 2010, rinneadh an eagraíocht a athstruchtúrú faoin Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais mar chomhlacht aonair a bheadh freagrach as baincéireacht cheannais agus as rialáil a dhéanamh ar earnáil na seirbhísí airgeadais in Éirinn. Tá an Banc ina bhall den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) agus den Eurochóras. Ina Phlean Straitéiseach 2013-2015, leag an Banc amach sraith spriocanna ardleibhéil atá bunaithe ar fhreagrachtaí reachtúla an Bhainc. Is iad seo a leanas spriocanna ardleibhéil an Bhainc:

- Éifeachtacht an Eurochórais agus cobhsaíocht praghsanna
- Cobhsaíocht an chórais airgeadais
- Rialáil chuí, éifeachtach ar institiúidí airgeadais agus ar mhargaí airgeadais
- Deacrachtaí airgeadais in institiúidí creidmheasa a réiteach
- Tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint
- Comhairle eacnamaíoch neamhspleách agus staidreamh airgeadais d'ardchaighdeán a sholáthar
- Córais éifeachtúla, éifeachtacha íocaíochta agus socraíochta agus seirbhísí éifeachtúla, éifeachtacha airgeadra.

Ina theannta sin, tá an Banc tiomanta don mhéid seo a leanas laistigh dá Phlean Straitéiseach 2013-2015:

- Éifeachtúlacht oibríochtúil agus cost-éifeachtúlacht

2.2 Ár bPáirtithe Leasmhara

Is iad seo a leanas príomhpháirtithe leasmhara an Bhainc:

- An Pobal
- An Rialtas agus Tithe an Oireachtais
- Tomhaltóirí táirgí agus seirbhísí airgeadais
- Tionscal rialáilte seirbhísí airgeadais
- An tEurochóras agus comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha eile

Caibidil 3

Achoimre ar na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair trí Ghaeilge agus na feabhsuithe atá beartaithe don tréimhse 2016-2018

3.1 An dara Scéim

Leanann an dara Scéim Teanga leis na gealltanais atá sa chéad Scéim agus cuireann sí leo. Le linn thréimhse an dara Scéim, díreoidh an eagraíocht ar sheirbhísí trí Ghaeilge a chur chun cinn don phobal ar bhonn gníomhach agus leanfaidh sí d'inniúlacht na foirne sa Ghaeilge a fhorbairt chun go n-éascófar seachadadh seirbhíse idirphearsanta trí Ghaeilge ar leibhéal ginearálta. Go praiticiúil, ciallaíonn sé seo go mbeidh comhaltaí foirne áirithe eolach ar ghnáthbheannaithe Gaeilge agus go mbeidh siad ábalta faisnéis ghinearálta maidir leis an eagraíocht agus maidir lena cuid seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. Ar a shon sin, ní bheidh an Banc ábalta gnó mionsonraithe clár-shonrach a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

3.2 Seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil don phobal

Leanfar de na seirbhísí seo a leanas a chur ar fáil trí Ghaeilge le linn an dara Scéim agus cuirfear feabhsuithe áirithe i bhfeidhm freisin faoin dara Scéim mar atá leagtha amach thíos.

An chéad phointe teagmhála

Beidh foireann an lasc-chláir mar aon leis na fáilteoirí i gceanncheathrú an Bhainc Ceannais ar Shráid an Dáma eolach ar na gnáthbheannaithe Gaeilge agus beidh socruithe oiriúnacha i bhfeidhm lena gcuirfear ar a gcumas custaiméirí a atreorú gan mhoill chuig pé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís ábhartha a chur ar fáil trí Ghaeilge.

Ó thosach an dara Scéim, beidh cainteoir Gaeilge ar fáil do dhaoine den phobal ar mian leo a n-idirbhearta baincéireachta a dhéanamh trí Ghaeilge (e.g. nótaí bainc agus boinn Éireannacha a mhalartú ar euro) ag Seirbhís Airgeadóra an Bhainc ar Shráid an Dáma. Faoin dara Scéim, déanfar an tseirbhís seo a chur chun cinn trí bhíthin comharthaí.

Cuireadh deireadh leis an líne chabhrach um fhaisnéis do thomhaltóirí nuair a aistríodh freagrachtaí maidir le faisnéis do thomhaltóirí chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí faoin Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010. Tá líne chabhrach um theagmhálacha poiblí ag an mBanc i gcónaí, áfach, chun go bhfreastalófar ar na daoine sin den phobal ar mian leo a ngnó leis an mBanc a dhéanamh trí Ghaeilge.

Doiciméid agus Foilseacháin

- Ó thosach feidhme an dara Scéim, déanfar 25 faoin gcéad de na preasráitis go léir a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.
- Aon leabhráin nua chorparáideacha a fhoilseofar ar an suíomh gréasáin nó i gcóip chrua, ar leabhráin iad a bheidh dírithe ar an bpobal agus ina gcuirfear síos ar obair an Bhainc, beidh siad ar fáil go dátheangach agus, nuair is féidir, laistigh d'aon chlúdach amháin.

- Ó thosach feidhme an dara Scéim, déanfar leagan Gaeilge den alt forléargais san Athbhreithniú Macra-Airgeadais leathbhliantúil a áireamh sa phríomhfhoilseachán.
- Déanfar leagan Gaeilge den Timpeallacht Gheilleagrach a fhoilsiú laistigh den phríomhfhoilseachán Béarla den Fhaisnéis Ráithiúil.
- Cuirfear leaganacha Gaeilge agus Béarla ar fáil de leabhráin eolais agus de bhróisiúir maidir le gnéithe slándála nótaí bainc. Faoin dara Scéim, beidh leagan Gaeilge díobh ar fáil don phobal in ionad fáiltithe an Bhainc i Sráid an Dáma.
- Beidh na bróisiúir do na boinn inbhailithe dhátheangach.

Foirmeacha Ordaithe

Beidh na foirmeacha seo a leanas ar fáil go dátheangach nó beidh leaganacha ar leithligh díobh ar fáil as Gaeilge agus as Béarla:

- Foirmeacha ordaithe do na boinn inbhailithe agus do na foirne bonn go léir.
- Foirmeacha fuascailte do nótaí dlí-thairgthe puint.
- Foirmeacha éagsúla maidir le Fuascailtí Bannaí leagáide.

Beidh an leagan Gaeilge agus Béarla de na foirmeacha ordaithe do bhoinn inbhailithe agus d'fhoirne bonn ar fáil ar shuíomh gréasáin na heagraíochta agus i gcóip chrua. Beidh an dá leagan den fhoirm fuascailte do nótaí dlí-thairgthe puint ar fáil i gcóip chrua. Leanfar d'iatáin dhátheangacha a eisiúint le boinn inbhailithe.

Cumarsáid Inmheánach agus Nósanna Imeachta

- Cuirfear comhaltaí foirne nua ar an eolas maidir le hoibleagáidí an Bhainc faoin Acht.
- Tabharfar le tuiscint i bhfógraí earcaíochta do chomórtais sheachtracha agus do chomórtais inmheánacha go nglacfar le hiarratais trí Ghaeilge i.e. beidh an líne seo a leanas mar chuid den fhógra: '*Cuirfear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge'.*
- Cuirfear eolas ar fáil do na comhaltaí foirne go léir roimh thosach feidhme an dara Scéim chun gealltanais an Bhainc faoin Scéim a chur in iúl dóibh agus chun iad a spreagadh chun tacaíocht a thabhairt ina leith sin.
- Foilseofar ailt rialta as Gaeilge in iris thréimhsiúil na foirne 'Newsleaf'.
- Faoin dara Scéim, cuirfear liosta ar fáil de chuideachtaí a thairgeann seirbhísí aistriúcháin agus, ina theannta sin, tabharfar treoir agus comhairle don fhoireann maidir leis na cleachtais a bheidh le leanúint i bhfruiliú na seirbhísí sin.
- Leanfar de bhunachar sonraí lárnach de théarmaíocht Gaeilge a nuashonrú agus a chothabháil agus beidh sé ar fáil do na comhaltaí foirne go léir mar aon le soláthraithe tríú páirtí.
- Déanfar fógraí leathbhliantúla a chur chuig Ceannasaithe Rannán lena gcuirfear oibleagáidí an Bhainc faoin Act i gcuimhne dóibh.
- Ó thosach feidhme an dara Scéim, beidh leathanach tiomanta ar inlíon an Bhainc a fheidhmeoidh mar thairseach faisnéise maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla do bhaill foirne.

Suíomh Gréasáin/Ríomhphost

- Beidh cumas dhátheangach ionsuite freisin in aon fhorbairt a dhéanfar ar shuíomhanna gréasáin nua nó in aon athfhorbairt ar shuíomh gréasáin atá ann faoi láthair, ar suíomhanna iad a úsáidtear chun seirbhísí a sheachadadh don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear córais idirghníomhacha. Tá tionscadal faoi lán seoil i láthair na huaire chun suíomh gréasáin an Bhainc a athfhorbairt agus tá cumas dhátheangach sainaitheanta mar cheanglas don tionscadal sin. Táthar ag súil go dtabharfar an tionscadal seo chun críche faoi dheireadh 2016 agus ón tráth sin beidh sé mar thosaíocht ag an mBanc ábhar dírithe ar thomhaltóirí a sholáthar trí Ghaeilge ar a shuíomh gréasáin athfhorbartha.
- Beidh leaganacha Gaeilge d'fhoirmeacha ordaithe do bhoinn inbhailithe agus d'fhoirne inbhailithe ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc.
- Aon fhoilseacháin, aon phreasráitis, aon fhoirmeacha agus aon bhileoga faisnéise a chuirtear ar fáil go dátheangach, beidh siad ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc.
- Leanfar den séanadh ar gach ríomhphost amach a fhoilsiú go dátheangach.

3.3 Seirbhísí nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge

Leanfar de dhoiciméid, de chumarsáid leictreonach agus de sheirbhísí áirithe a chur ar fáil trí Bhéarla amháin. Orthu sin, tá doiciméid, cumarsáid nó seirbhísí de chineál speisialta nó teicniúil arna gcur ar fáil ag an eagraíocht nach bhfuil ceaptha le haghaidh an phobail i gcoitinne nó atá dírithe don chuid is mó ar an tionscal.

Nóta

Cuirfear óráidí nó ráitis ar fáil sa teanga ina dtugtar iad.

Caibidil 4

Earcaíocht agus Oiliúint sa Ghaeilge

Is fostóir comhdheiseanna é an Banc atá tiomanta d'aon fholúntais a líonadh ar mhodh éifeachtúil, solúbtha. Lena bheartas earcaíochta, féachtar lena áirithiú go ndéantar earcaíocht agus roghnúchán i gcomhréir leis an reachtaíocht reatha agus le dea-chleachtas earcaíochta.

Thar shaolré na Scéime, déanfaidh an Banc measúnú ar cibé acu an bhfuil an leibhéal éilimh ar chumas teicniúil sa Ghaeilge do chigireachtaí sách láidir chun go ndéanfaí é a áireamh mar chritéar a bhreithneofaí le linn earcaíochta do róil áirithe sna réimsí maoirseachta agus cigireachta.

Le linn thréimhse an dara Scéim, déanfaidh Rannán Acmhainní Daonna na heagraíochta gach iarracht chun cuidiú le cumas Gaeilge na foirne a neartú ar na bealaí seo a leanas:

- Rochtain na foirne ar chúrsaí aitheanta Gaeilge agus ar chúrsaí ríomhfhoghlama Gaeilge a éascú i gcás ina sainaithneofar riachtanais ghnó chuige sin.
- Oiliúint sa Ghaeilge a éascú do chomhaltaí foirne a bhíonn ag plé go díreach leis an bpobal chun cur lena gcumas seirbhís dhátheangach a sholáthar don phobal.

Tá comhaltaí foirne áirithe sa Bhanc a bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge acu (agus tá freagrachtaí ar roinnt de na comhaltaí foirne sin maidir leis an nGaeilge). Níl aon phost, áfach, a shainítear mar phost Gaeilge.

Caibidil 5

Seirbhísí sa Ghaeltacht

Níl oifigí ag an mBanc i limistéir Ghaeltachta. Bíonn déileálacha aige, áfach, le comhair chreidmheasa atá lonnaithe sa Ghaeltacht mar chuid dá ról rialála. Mar iarracht chun freastal ar riachtanais teanga comhar creidmheasa sa Ghaeltacht, áiritheoidh Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa, mar chéim tosaigh, go mbeidh aon chomhfhreagras déthaobhach idir é agus comhair chreidmheasa den sórt sin as Gaeilge nó dhátheangach. Déanfaidh Cláratheoir na gComhar Creidmheasa measúnú ar fhoilseacháin eile, ar bhonn gach cáis ar leith, chun a n-oiriúnacht le haghaidh aistriúcháin go Gaeilge a mheas ar bhonn éilimh agus ar bhonn measúnaithe ar chostas/luach. De bhreis air sin agus mar atá sonraithe i g**Caibidil 4** thuas, déanfaidh an Banc faireachán agus measúnú, i gcomhthéacs na hearcaíochta agus na hoiliúna, ar an éileamh ar chumas teicniúil sa Ghaeilge do chigireachtaí.

Caibidil 6

Faireachán agus Athbhreithniú ar an dara Scéim

Mar chuid den mheasúnú leanúnach ar an Scéim, déanfaidh an Banc faireachán ar líon iomlán na dtomhaltóirí/gcustaiméirí a iarrann seirbhís trí Ghaeilge.

Caibidil 7

An dara Scéim a phoibliú

Déanfar ábhar na Scéime seo, mar aon le gealltanais agus forálacha na Scéime, a phoibliú ar na modhanna seo a leanas:

1. Preaseisiúint
2. Cuirfear in áit fheiceálach ar shuíomh gréasáin an Bhainc í.

De bhreis ar na bearta sin, tapóidh an Banc gach deis ina chuid idirghabhálacha ó lá go lá leis an bpobal chun na seirbhísí a chuireann sé ar fáil trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú, lena n-áirítear ar na bealaí seo a leanas:

- Fógraí a chur suas san ionad fáiltithe lena gcuirfear in iúl na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge agus na seirbhísí sin a liostáil in áit fheiceálach ar shuíomh gréasáin an Bhainc.
- Beidh fonótaí ar bhileoga eolais agus ar fhoirmeacha iarratais ina míneofar go bhfuil leaganacha Gaeilge díobh ar fáil freisin (i gcásanna nach mbeidh ábhar dhátheangach ar fáil laistigh d'aon chlúdach amháin).

Seoladh cóip den Scéim seo chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Béarla den Scéim seo an leagan bunaidh.